



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Iarratas ar Cheadúnas Maolaithe

Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Éin agus Gnáthóga Nádúrtha),
2011-2021

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

npws.ie

- Tá an fhoirm seo le húsáid ag aon duine atá ag cur isteach ar cheadúnas maolaithe faoi Rialachán 54 nó ag an Aire faoi Rialachán 54(A)
- Cinntigh, le do thoil, go bhfreagraíonn tú na ceisteanna go hiomlán chun moilleanna a sheachaint
- Má bhíonn aon deacracht agat an fhoirm seo a líonadh, déan teagmháil, le do thoil, leis an Aonad Ceadúnaithe Fiadhúlra;

An tAonad Ceadúnaithe Fiadhúlra,

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

An tAonad Ceadúnaithe Fiadhúlra, R. 2.03

90 Sráid an Rí Thuaidh

Margadh na Feirme

Baile Átha Cliath 7 D07 N7CV

Ríomhphost: wildlifelicence@housing.gov.ie

Cuid A. An tIarratasóir: Sonraí Pearsanta

Baineann na ceisteanna seo leis an duine atá freagrach as aon oibreacha a bheartaítear agus a bheidh ina **c(h)eadúnaí ainmnithe**. Mar an gceadúnaí, beidh tú freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar an ceadúnas agus a choinníollacha, fiú cé gur féidir leat duine eile a fhostú thar do cheann.

Má tá an t-iarratas seo á sheoladh agat thar ceann tríú páirtí, líon Cuid B thíos freisin.

1. (a) Ainm an Iarratasóra

Teideal (Uasal/Bean/Iníon/Dr)	Céadainm(neacha):	Sloinne
(b) Seoladh Líne 1		
Seoladh Líne 2		
Baile		
Contae		
Éirchód		
(c) Uimhir theagmhála		
(d) Seoladh ríomhphoist		
(e) An seoladh ina dtabharfar faoi na hoibreacha, más éagsúil ó (b) thuas.		
Seoladh Líne 1		
Seoladh Líne 2		
Baile		
Contae		
Éirchód		

Cuid B. Sonraí faoin Duine a bhfuil an tIarratas á sheoladh acu thar ceann an Iarratasóra/an Cheadúnaí

Ba cheart eolas a bhaineann leis an duine (e.g. éiceolaí) atá freagrach as an iarratas a sheoladh thar ceann an iarratasóra/an cheadúnaí a iontráil thíos:

1. (a) Ainm an Duine/an Éiceolaí

Teideal (Uasal/Bean/Iníon/Dr)	Céadainm(neacha):	Sloinne
(b) Ainm na Cuideachta		
Seoladh Líne 1		
Seoladh Líne 2		
Baile		
Contae		
Éirchód		
(c) Uimhir theagmhála		
(d) Seoladh ríomhphoist		
(e) Gaol leis an Iarratasóir		

Cuid C. An tIarratas

1. **Speiceas Ainmhí:** Tabhair le fios, le do thoil, cén speiceas a ndéanann na hoibreacha a bheartaítear difear dó:

- Ialtóg
- Madra Uisce
- Drúchtín Ballach
- Cnádán
- Deilf
- Míol Mór
- Turtar
- Muc Mhara

2. Tabhair sonraí, le do thoil, faoin speiceas cruinn (ainm eolaíochta): _____

3. Luaigh an líon uasta ainmhithe a ndéantar difear dóibh, le do thoil*: _____

4. Luaigh an líon uasta suíomhanna póraithe nó scíthe a ndéantar difear dóibh, le do thoil*: _____

5. Luaigh an líon uasta uibheacha a bheidh le tógáil, le do thoil*: _____

6. Luaigh an líon uasta uibheacha a bheidh le scriosadh, le do thoil*: _____

*Mura féidir aon fhigiúirí a sholáthar maidir leis an líon uasta ainmhithe, suíomhanna póraithe, áiteanna scíthe agus uibheacha atá le cumhdach ag an maolú, tabhair na cúiseanna atá leis seo, le do thoil.

7. **Speicis Phlanda:** Tabhair le fios, le do thoil, cén speiceas a ndéanann na hoibreacha a bheartaítear difear dó:

- Raithneach Chill Airne
- Síofróg Uisce
- Mórán Réisc

8. Má fuair tú maolú roimhe seo d'aon speiceas ainmhí nó planda, luaigh, le do thoil, an uimhir cheadúnais agus deimhnigh go ndearna tú tuairisceán leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (an SPNF) maidir leis na líonta féin a ndearna an ceadúnas sin difear dóibh.

9. **taí Beartaithe d'Oibreacha:** Tabhair le fios, le do thoil, an t-amfhráma ina mbeartaíonn tú tabhairt faoi oibreacha. D'fhéadfadh dátaí a leag an SPNF amach a bheith éagsúil ó dhátaí a bheartaítear anseo.

Dáta Tosaithe:

Dáta Deiridh:

10. Cuir tic, le do thoil, le cén chúis thíos a mhíononn Conas an Cháilítear an tIarratas faoi Rialacháin 54(2)(A-E) na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha):

a.	An flóra agus an fána fiáin a chosaint agus gnáthóga nádúrtha a chaomhnú	<input type="checkbox"/>
b.	Cosc a chur ar dhíobháil thromchúiseach, ach go háirithe do bharr, beostoc, foraois, iascaigh agus uisce agus saghsanna eile réadmhaoine	<input type="checkbox"/>
c.	Ar mhaithe le sláinte poiblí agus sábháilteacht phoiblí, nó ar chúiseanna eile ríthábhachtacha leas uileghabhálach an phobail, iad siúd ina measc de chineál sóisialta nó geilleagrach agus iarmhairtí tairbhiúla lena mbaineann buntábhacht maidir leis an gcomhshaol.	<input type="checkbox"/>
d.	Ar mhaithe le taighde agus oideachas, na speicis seo a athphobalú agus a thabhairt isteach arís agus ar mhaithe leis na hoibríochtaí póraithe a theastaíonn ó na cuspóirí seo, iomadú saorga plandaí san áireamh	<input type="checkbox"/>
e.	Eiseamail áirithe na speiceas a ghlacadh nó a choimeád a mhéid agus a shonraítear ann, a dtagraítear dóibh sa Chéad Sceideal, a cheadú, faoi choinníollacha dianmhaoirsithe, ar bhonn roghnaitheach agus i leith méid teoranta.	<input type="checkbox"/>

11. Seicliosta na Tuairisce: Ceangail tuairisc mhionsonraithe, le do thoil, chun tacú leis an iarratas seo agus cinntigh go bhfuil an t-eolas seo a leanas ann:

11.1	Míniú ar an bhfáth gurb é an ceadúnas maolaithe a lorgaítear an t-aon rogha atá ar fáil d'oibreacha agus nach bhfuil aon rogha oiriúnach eile ann de réir Rialachán 54 na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha).	<input type="checkbox"/>
11.2	Fianaise nach mbeidh gníomhartha a cheadóidh ceadúnas maolaithe díobhálach i leith chothú dhaonraí na speiceas lena mbaineann an Treoir maidir le Gnáthóga i leith stádas fabhrach caomhnaithe ina réimse nádúrtha faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 54(2) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha).	<input type="checkbox"/>
11.3	Tabhair sonraí, le do thoil, faoi aon bhearta maolaithe a bheartaítear a dhéanamh maidir leis na speicis a ndéanann an maolú difear dóibh ag an láthair, anuas ar fhianaise gur éirigh leis an maolú sin in áiteanna eile.	<input type="checkbox"/>
11.4	Tabhair an oiread eolais agus is féidir leat, le do thoil, lena cheadú cinneadh a dhéanamh ar an iarratas seo.	<input type="checkbox"/>

Cuid D. Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil na sonraí go léir a thug mé thuas fíor agus cruinn chomh fada agus is eol dom agus a chreidim. Tuigim gur cion é speicis chosanta a mharú, a ghortú, a ghabháil nó cur isteach orthu d'aon turas, nó díobháil a dhéanamh dá suíomhanna póraithe nó áiteanna scíthe nó iad a mhilleadh nó uibheacha a thógáil nó a mhilleadh d'aon turas gan cheadúnas agus gur ceanglas dlíthiúil é coinníollacha aon cheadúnais is féidir a dheonú dom tar éis an iarratais seo a shásamh. Tuigim gur féidir leis an SPSF cuairt a thabhairt le comhlíonadh ceadúnais a sheiceáil.

Tabhair faoi deara, le do thoil, faoi Rialachán 5 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011-2021, gur féidir le hoifigeach údaraithe aon talamh nó áitreabh a iontráil agus a iniúchadh ar mhaithe le tabhairt faoi aon chinn da f(h)eidhmeanna faoi na Rialacháin seo nó chun aon eolas a fháil a d'fhéadfadh bheith ag teastáil uaidh/uaithi ar na cuspóirí siúd.

Síniú an Iarratasóra

Dáta

Ainm i MBLOCLITREACHA

RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir le foireann na Roinne iarratais ar cheadúnas a phlé ach leis an iarratasóir, seachas le haon tríú páirtí faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Féach an Ráiteas Príobháideachais ag www.npws.ie/licences

npws.ie

